Eolas Ginearálta

Bunaíodh Scoil Neasáin sa bhliain 1969 le beirt mhúinteoir agus 34 dalta. Bhí an scoil i Rath Eanaigh go dtí gur tógadh foirgneamh nua i mBaile Hearman i 1972.

Is scoil lánGhaeilge í Scoil Neasáin a aithníonn féiniúlacht agus uathúileacht gach páiste agus a chuireann roimpi sonas an pháiste a chothú i dtimpeallacht agus atmaisféar cuí; forbairt gach páiste ar neamhspleáchas, fhéinmheas, fhéinmhuinín, charadas, chomhoibriú, ionracas agus dílseacht.[1]

Is bunscoil lánGhaeilge Chaitliceach chomhoideachasúil í Scoil Neasáin, faoi phátrúnacht Ard Easpaig Bhaile Átha Cliath, an tOir. Diarmaid Ó Máirtín. Téann an Bord Bainistíochta i gcomhairle le rúnaíocht oideachais an Easpaig agus coinníonn ar an eolas é faoi na cinní agus na moltaí a dhéanann sé. Cé gur scoil Chaitliceach í Scoil Neasáin cuirimid fáilte roimh ghasúir le luachanna agus creidimh eile.

Is scoil lánGhaeilge í Scoil Neasáin. Is í an Ghaeilge teanga ghnó agus chumarsáide na bainistíochta. Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide idir múinteoirí agus daltaí agus i measc na ndaltaí féin.
Déantar chuile iarracht bród agus mórtas as an teanga agus as an gcultúr Gaelach a chothú sna gasúir. Scoil í seo ina mbíonn gach deis ag an bpáiste é féin a fhorbairt go hiomlán.

Is scoil chomhoideachasúil í Scoil Neasáin ina bhfuil ranganna ó naíonáin shóisir go rang 6. Tá rang amháin ag gach leibhéal agus is é polasaí an Bhoird é an scoil a choinneáil ag an méid sin.

Foireann

Tá dáréag múinteoir lán aimseartha agus múinteoir amháin pairt aimseartha ar fhoireann Scoil Neasáin, an Príomhoide san áireamh. Tá naonúr múinteoir ranga sa scoil, múinteoir le gach rang ó naíonáin go rang 6 agus duine amháin a ghlacann freagracht as gnéith éigin den churaclam. Tá múinteoir lán-aimseartha, múinteoir roinnte idir Scoil Neasáin agus Gaelscoil Míde i

[1] Cód Iompair Scoil Neasáin

nDomhnach Míde agus múinteoir páirt-aimseartha sa scoil ag freastal ar ghasúir le riachtanais ar leith. Tá cúntóir riachtanais speisialta sa scoil freisin.

Déanann na múinteoirí i Scoil Neasáin gach iarracht cúlra, timpeallacht agus pearsantacht gach dalta a chur san áireamh ina gcuid oibre. Dá réir sin féachann an fhoireann chuige go ndéantar forbairt ar gach gné de shaol an pháiste agus aird faoi leith á thabhairt ar chultúr agus ar thraidisiúin na hÉireann.

An Curaclam

Leanann an scoil an clár curaclam faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar féidir a athrú ó am go ham, de réir Roinn 9 agus 30 den Acht Oideachais (1998).
Is iad na hábhair sin ná Gaeilge; Béarla; Matamaitic; Stair; Tíreolas; Eolas imshaoil; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte; Ealaín; Ceol; Drámaíocht; Corpoiliúint agus Reiligiún. Tugtar aird speisialta ar an múinteoireacht fheabhais. Tá seomra ríomhaireachta sa scoil freisin agus baintear úsáid as mar áis mhúinteoireachta.

Múintear scileanna cluichí aonair, cluichí foirne agus rincí Gaelacha. Caitheann Rang 5 trí sheachtain in Inis Oírr chuile bhliain sa tríú téarma.

An Clár Ama

Am Oscailte:	08.50		
Am Sosa:	10.30 – 10.40	Am Lóin	12.00 – 12.30
Am scoir Naíonán	13.15	Am Scoir	14.30

Bunrialacha na Scoile

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus mhúinteoireachta na scoile i gcónaí.
Éilímid ardchaighdeán iompair, béasa agus ionracais ó na daltaí.

Imeachtaí Iarscoile

Reáchtálann Gaeloideas, (féach thall) trína chuid fochoistí, na himeachtaí seo a leanas do na daltaí scoile, nuair a bhíonn an t-éileamh ann dóibh.

- Ranganna Teanga
- Ranganna Rince

- Ceol Uirlise
- Macaoimh
- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus do dhaoine fásta
- Ranganna Judo

Tábhacht an Bhaile in obair na Scoile

Le cinntiú go mbeidh rath agus forbairt ar obair na scoile, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh lántacaíocht ó thuismitheoirí na bpáistí don fhoireann teagaisc mar a bhaineann le:

- Labhairt na Gaeilge sa scoil agus sa mbaile
- Sainsprid na scoile a chur chun cinn
- An obair bhaile a riaradh
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí na scoile

Is é sonas an pháiste bunús na foghlama agus bunchloch an oideachais – agus príomhriachtanas Scoil Neasáin. Bíonn an Príomhoide agus na múinteoirí ar fáil le labhairt agus le plé le tuismitheoirí faoi oideachas na ndaltaí.

An Bord Bainistíochta

Tá Scoil Neasáin ag feidhmiú faoi stiúir Bord Bainistíochta de réir rialacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá cúram iomlán riaradh na scoile ar an mBord.

Gaeloideas

'Sé Gaeloideas iontaobhaí Scoil Neasáin. Is comhlucht é Gaeloideas ar a bhfuil dáréag ball, tofa ag tuismitheoirí na scoile, agus atá ag feidhmiú de réir airteagail agus meamram comhlachais.

Ar na príomhaidhmeanna atá ag Gaeloideas tá:

- Tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile trí thimpeallacht Ghaelach a chruthú agus a chothú sa phobal scoile.
- Cur le deontais airgid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun an scoil a reáchtáil agus chun cibé áiseanna breise de réir riachtanas a chur ar fáil.
- Naíonraí a bhunú agus a reáchtáil.

Dar ndóigh brathann éifeacht Ghaeloidis ar thacaíocht thuismitheoirí uilig na scoile tríd an obair a dhéanann siad i bhforbairt, i riaradh agus in obair reatha na comhlachta.

Cumann na dTuismitheoirí

Bunaíodh Cumann na dTuismitheoirí i 1999. 'Siad príomhaidhmeanna an chumainn ná:

- Páirtíocht agus comhoibriú a chothú idir na dreamanna éagsúla sa scoil.

- Tuairimí na dtuismitheoirí a chur in iúl taobh istigh den scoil agus taobh amuigh.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le forbairtí sa scoil agus maidir le hathruithe oideachasúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na gasúir.

Brathann an scoil ar na deontais agus ar na hacmhainní múinteoirí a thugann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta di agus leanann an scoil na treoracha a leagann an Roinn síos maidir le húsáid na ndeontas agus na múinteoirí sin. Faigheann an Bord cabhair airgid ó Ghaeloideas freisin a chabhraíonn go mór le hacmhainní scoile a cheannach.

Tugann an scoil tacaíocht do na prionsabail seo leanas, ag tógáil san áireamh comhthéacs agus teorainneacha rialacha agus chláracha na Roinne, cearta an Phátrúin mar atá léirithe san Acht Oideachais agus an maoiniú agus na hacmhainní atá ar fáil:

- Cuimsitheacht, ach go háirithe clárú gasúr le míchumas nó le haon riachtanas speisialta oideachasúil
- Comhionannas maidir le hiontráil agus le rannpháirtíocht sa scoil
- Rogha tuismitheora maidir le clárú ag tógáil san áireamh sainsprid na scoile mar atá le sonrú i dtraidisiúin agus luachanna cultúrtha, oideachasúla, morálta, reiligiúnda, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta Scoil Neasáin..
- Meas a léiriú ar an réimse leathan luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus slite maireachtála atá le sonrú i sochaí an lae inniu.

Eolas Ginearálta / *General Information*

Scoil Neasáin was established in 1969, with two teachers and 34 pupils. It was based in Raheny until a new building was erected in Harmonstown in 1972.

Scoil Neasáin is an all-Irish school which recognises the individuality and uniqueness of each child and attempts to cultivate the well-being of the child in an appropriate environment and atmosphere in respect of independence, self-respect, confidence, friendship, co-operation, honesty and loyalty.[1]

Scoil Neasáin is an all-Irish, Catholic co-educational school under the Patronage of the ArchBishop of Dublin, his Grace, Diarmaid Martin. The Board of Management liaises with the Bishop's education secretariat and keeps them informed of decisions and recommendations that it makes. Although Scoil Neasáin is a Catholic school children of other denominations and values are welcomed.

Scoil Neasáin is an all-Irish school. Irish is the language of work and communication at management level. Irish is the language of communication between teachers and pupils and between the pupils themselves. Every effort is made to instil a sense of pride in the language and to foster a respect for the Irish culture. Scoil Neasáin is a school in which the child is provided with every opportunity for full personal development.

Scoil Neasáin is a co-educational school with one class at each level from junior infants to sixth class. It is Board of Management policy to adhere to a single stream structure in the school.

Scoil Neasáin has 12 members on the staff, including the principal. There are nine class teachers, one teacher for each class from junior infants to sixth class and a teacher who takes responsibility for one aspect of the school curriculum. The resource team which caters for children with special eduactional needs is made up of one fulltime teacher, one shared teacher

[1] Cód Iompair Scoil Neasáin 1998

with Gaelscoil Míde in Donaghmede and one part-time teacher. The school also has a full time special needs assistant.

The teachers of Scoil Neasáin make every effort to take account of the background, environment and personality of every pupil. Accordingly, they ensure that every aspect of the child's life is developed through the medium of Irish, with special emphasis on the national culture and traditions.

School Curriculum

Scoil Neasáin follows the curricular programmes prescribed by the Department of Education and Science, which may be amended from time to time, in accordance with Sections 9 and 30 of the Education Act 1998.
The subjects taught are Irish; English; Mathematics; History; Geography; Environmental Studies; Social, Personal and Health Education; Art; Music; Drama; Physical Education and Religion.

Team and individual games and Irish dancing are taught.

The 5th class spends three weeks of the third term in the Gaeltacht.

Time Table

School Opens:	*08.50*		
Break:	*10.30 – 10.40*	*Lunch*	*12.00 – 12.30*
Infant classes finish	*13.15*	*School Ends*	*14.30*

School Rules

Irish is the language of teaching and communication in the school at all times. We demand a high standard of behaviour and integrity from the children.

After-school activities

Gaeloideas,(see below) through its sub-committees, organises the following activities for the pupils, according to the demand for them.

- *Language Classes*
- *Irish Dancing classes*
- *Instrumental music classes*
- *Scouts*

- *Irish classes for parents and adults*
- *Judo classes*

The importance of home in the work of the school

In order to ensure that the work of the school will succeed and be enhanced, it is very important that the parents should wholeheartedly support the teachers as regards:

- *The speaking of Irish at school and at home*
- *Promoting the ethos of the school*
- *Supervising homework*
- *Supporting school activities*

The child's happiness is the basis for learning and the cornerstone of education – and the main objective of the work of Scoil Neasáin. The principal teacher and staff are available to speak to parents about their children's education.

The Board of Management

Scoil Neasáin operates under the direction of the Board of Management in accordance with the rules of the Department of Education and Science. The Board has full responsibility for the running of the school.

Gaeloideas

The trusteeship of the school is vested in Gaeloideas. Gaeloideas is a company, consisting of twelve members, elected by the parents of the school, and it operates in accordance with the articles and memorandum of association.

The main functions of Gaeloideas are:

- *To support the work of the school by creating and fostering a Gaelic environment in the area of the school.*
- *To add to the subsidies of the Department of Education and Science so that Scoil Neasáin can ensure as comprehensive as possible a range of services and facilities for all pupils.*
- *To establish and run Irish pre-schools*

Gaeloideas' effectiveness depends on the active support of all parents.

The Parents' Association

The Parents' Association was established in 1999. The main aims of the association are:

- *To promote participation and co-operation between the various groups within the school.*
- *To represent the views of parents both within the school and outside.*

- *To inform parents of developments in the school and in educational changes which may effect the children.*

The school depends on the grants and the teacher resources provided by the Department of Education and Science and it operates within the regulations laid down, from time to time by the Department with regard to these grants and resources. The Board of Management also receives financial assistance from Gaeloideas. This source of income helps immensely with the purchase of school equipment.

Within the context and parameters of Department regulations and programmes, the rights of the Patron as set out in the Education Act and the funding and resources available, the school supports the principles of:

- *Inclusiveness, particularly with reference to the enrolment of children with disability or other specific educational needs*
- *Equality of access and participation in the school*
- *Parental choice in relation to enrolment taking account of the school ethos as identified in the tradition and cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values of Scoil Neasáin.*
- *Respect for the diversity of values, beliefs, traditions, languages and ways of life in society.*